C/2025/1171

20.2.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/1171)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Spišský šípkový lekvár’

Uimh. AE: PDO-SK-03207 — 15.3.2024

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Spišský šípkový lekvár’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An tSlóvaic

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge (a liostaítear in Iarscríbhinn XI)*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. *Cód ainmníochta comhcheangailte*

20 – ULLMHÓIDÍ GLASRAÍ, TORTHAÍ, CNÓNNA NÓ CODANNA EILE DE PHLANDAÍ

2007 – Subha, glóthacha torthaí, marmaláidí, *purée* torthaí nó cnónna agus leafaos torthaí nó cnónna, a fhaightear trí chócaráil, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise eile curtha leo nó ná bíodh

2007 10 – Ullmhóidí homaiginithe

2007 10 10 – Ina bhfuil cion siúcra is mó ná 13 % de réir meáchain

3.3. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is subh é ‘Spišský šípkový lekvár’ a dhéantar as mogóirí róis arna mbaint go húr. Tá a raimhre aonfhoirmeach ina saintréith dá chuid, gan aon chnapán a bheith foirmithe sa tsubh agus gan aon fhuílleach de bhlaosc na mogóirí róis ná den pheirianta. Is cuid den táirge deiridh iad na blaoscanna, rud a chuireann lena luach cothaitheach, toisc go mbíonn an chuid is mó de na vitimíní iontu. Níl ach mogóirí róis sa táirge críochnaithe gan aon toradh eile, agus gan aon leasaitheach ná tiúsóir curtha leis. Déantar é a scagadh faoi dhó chun an raimhre agus an cháilíocht is fearr is féidir a bhaint amach.

Saintréithe anailíseacha

Paistéartar an tsubh. 35 % in aghaidh an chileagraim de mhogóirí róis a bhíonn ina cion siúcra ach is féidir an cion sin a bheith suas le 15 % níos lú nó níos mó ná sin ag brath ar thráth an fhómhair.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tréithe orgánaileipteacha

Dath: dubhoráiste go dúdhearg ag brath ar an uair a bhaintear na mogóirí róis (ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna).

Dea-bholadh: dea-bholadh taitneamhach mogóirí róis, gan aon bholadh dóite ná boladh coipthe. D'fhéadfadh iarracht de dhea-bholadh deataithe a bheith uaithi mar thoradh ar fhómhar níos déanaí.

Blas: blas milis-searbh mogóirí róis atá aibí go maith.

3.4. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Úsáidtear mogóirí róis sláintiúla aibí sa táirgeadh. Fásann na cineálacha a bhaintear go fiáin sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Spišský šípkový lekvár', ó bhaint na mogóirí róis go cócaireacht na suibhe, a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

Déantar an próiseas táirgthe sna céimeanna seo a leanas:

— baint na mogóirí róis de láimh;

— sórtáil, scaradh agus ní;

— cóireáil teasa;

— scagadh, faoi dhó;

— cócaráil go mall chun an raimhre is gá a bhaint amach;

— doirteadh isteach i bprócaí.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór 'Spišský šípkový lekvár' a phacáistiú sa limistéar geografach sainithe chun barántúlacht agus cáilíocht an táirge a chosaint agus chun a áirithiú go bhfuil sé inrianaithe agus gur féidir é a sheiceáil.

Is ar an mbealach sin amháin is féidir an cháilíocht a chaomhnú agus aon athrú ar na saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha a chosc.

Doirtear an tsubh isteach sna prócaí agus í fós te, rud a chiallaíonn go mbíonn an pacáistiú ina chuid den phróiseas táirgthe.

3.7. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar geografach sainithe suite in oirthuaisceart na Slóvaice, i limistéar imchuacha Poprad agus Hornád, ghleann Hnilec agus na sléibhte máguaird. Tá ceantair Levoča, Poprad, Kežmarok agus Spišská Nová Ves sa limistéar geografach.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch le haghaidh 'Spišský šípkový lekvár' bunaithe ar fhios gnó na dtáirgeoirí agus ar cháilíocht shonrach agus saintréithe an táirge a eascraíonn as na tosca nádúrtha agus daonna atá sa limistéar geografach.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá tírdhreach sléibhtiúil den chuid is mó ann agus aeráid sách crua. Tá an limistéar geografach suite idir 450 m agus 900 m os cionn leibhéal na farraige agus baineann meánteochtaí níos ísle i rith an lae agus i rith na hoíche le linn an tséasúir fáis leis. Cuidíonn an drúcht a fhoirmíonn mar gheall ar an difríocht mhór idir teochtaí i rith an lae agus i rith na hoíche le linn tréimhsí níos tirime. Cuireann na teochtaí níos ísle sa limistéar teorainn le saothrú roinnt barr talmhaíochta. Cumhdaíonn foraoisí agus féaraigh cuid shuntasach den limistéar. Tá móinéir shléibhe ann ar airdí níos airde.

Éiríonn go han-mhaith le mogóirí róis, áfach, sa limistéar geografach sainithe agus san aeráid níos géire. Ní hamháin gur barr crua iad, ach cuireann tosca áirithe amhail sioc luath le sainiúlacht an táirge freisin, tosca gur mar gheall orthu a éiríonn na mogóirí róis níos milse, níos boige agus níos oiriúnaí do tháirgeadh na suibhe.

Uair éigin idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna, bíonn an titim teochta le tabhairt faoi deara, agus is é sin an t-am go díreach chun na mogóirí róis a bhaint agus a phróiseáil.

Fios gnó

Ghlac an pobal áitiúil acmhainn nádúrtha a bhí ar fáil – mogóirí róis – agus tosaíodh ar iad a phróiseáil ina *purée* mogóirí róis, i.e. táirge leathchríochnaithe nár cuireadh aon siúcra breise leis, ar a dtugtar *eče-peče*, nó ina dtáirge críochnaithe, subh. Is léir ón taithí a fuarthas go mbíonn mogóirí róis a ghabh tríd an gcéad sioc níos milse agus níos oiriúnaí do tháirgeadh na suibhe. Is féidir na mogóirí róis sin a phróiseáil níos tapúla mar go bhfuil a mblaosc níos boige, rud a laghdaíonn ar an am cócaireachta, a chuireann dlús leis an scagadh de láimh agus a chuireann le táirgeacht an *purée* mogóirí róis. Mar sin féin, ní coinníoll é sin le haghaidh táirgthe (féach pointe 3.3). Déantar *purée* agus subh mogóirí róis de láimh go heisiach.

Baineann fios gnó freisin leis an ngá leis na mogóirí róis nuabhainte a phróiseáil, rud a fhágann go mbíonn táirge aitheanta luachmhar ann, go háirithe maidir le cineál nádúrtha an phróisis táirgthe.

Tá subh mogóirí róis neamhghnách sa mhéid is go dtógann sé níos mó ama agus fuinnimh í a dhéanamh ná mar a thógann subha a dhéanamh as torthaí eile. Ní mór na mogóirí róis deilgneacha a bhaint ar dtús, ansin iad a ghlanadh, a chócaráil, a scagadh uair amháin chun fáil réidh leis na síolta agus a scagadh arís chun fáil réidh leis na ribí agus an peirianta. Déantar an tsubh a phaistéaradh tríd an *purée* mogóirí róis a chócaráil go mall i soithí beaga, rud a fhágann go ngalaíonn an t-uisce agus a chuireann an raimhre is gá sa tsubh mogóirí róis. Ansin doirtear an tsubh isteach i bprócaí agus í te.

Cáilíocht shonrach agus saintréithe sonracha an táirge

Is táirge comhsheasmhach é ‘Spišský šípkový lekvár’ a fhaightear ó mhogóirí róis a bhaintear de láimh nuair a bhíonn siad lánaibí, a shórtáiltear go cúramach agus a chócaráiltear go mall i soithí cruach dosmálta agus iad á gcorraí go minic. De réir mar a ghalaíonn an t-uisce, éiríonn ‘Spišský šípkový lekvár’ níos tibhe. Baineann sainiúlacht an táirge leis an bpróiseas táirgthe nádúrtha, toisc go dtiubhaítear na torthaí trí bhíthin galú teirmeach, gan tiúsóir, dathán ná leasaithigh a úsáid, chomh maith lena gcion torthaí 100 %. Bíonn na mogóirí róis níos milse mar thoradh ar an sioc a chuirtear go luath ar maidin, agus mar sin bíonn gá le níos lú siúcra chun an tsubh a bhlaistiú. Laghdaíonn mogóirí róis níos boige am cóireála teasa na suibhe, rud a chabhraíonn ní hamháin lena cion vitimíní a chaomhnú ach a chuireann lena dath, lena dea-bholadh agus lena blas freisin. Má scagtar an tsubh faoi dhó áirithítear raimhre agus cáilíocht aonfhoirmeach.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFCanna) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréithe eile atá ann (i gcás TGFCanna)

Sa limistéar geografach sainithe, ní bhíodh go leor torthaí eile ar fáil mar gheall ar an tír-raon sléibhtiúil agus ar an aeráid chrua. Dá bhrí sin, d’fhéach daoine leis na hacmhainní áitiúla a bhí ar fáil a úsáid, ní hamháin lena dtomhailt acu féin ach mar shlí bheatha freisin. Fásann na mogóirí róis in áiteanna gur deacair teacht orthu, ach i dtimpeallacht ghlan an-fhabhrach.

Eascraíonn saintréithe sonracha na suibhe as a hullmhú a dhéantar de láimh go heisiach, i.e. an modh bainte agus próiseála. Forbraíodh scil agus deaslámhacht na ndaoine ón limistéar geografach sainithe ina dtáirgtear ‘Spišský šípkový lekvár’ ar bhonn an eolais agus na taithí a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, rud a léirítear i gcáilíocht an táirge deiridh. Is ann do dhea-bholadh agus blas saintréitheach ‘Spišský šípkový lekvár’ toisc go mbaintear na mogóirí róis de láimh agus go ndéantar an táirge gan úsáid a bhaint as tiúsóirí ná leasaithigh.

Bíonn móréileamh ar an táirge agus an-tóir air mar gheall ar a shaintréithe, ar saintréithe atá ann toisc go mbaintear de láimh é agus de bharr an mhodha ullmhúcháin. Léirítear cáilíocht an táirge freisin ós rud é gur bronnadh deimhniú air in 2018 lenar ceadaíodh an lipéad 'táirge réigiúnach de chuid Spiš' a úsáid air, lipéad lena n-aithnítear é mar tháirge uathúil sa réigiún, ar táirge é ina n-úsáidtear cleachtais thraidisiúnta agus lena mbaineann cion ard oibre de láimh. Roghnaíodh 'Spišský šípkový lekvár' mar bhronntanas le tabhairt ag ambasáidí, agus dá bhrí sin gníomhaíonn sé mar ionadaí ar speisialtachtaí agus traidisiúin chócaireachta na Slóvaice.

Tá ullmhú agus táirgeadh an táirge bunaithe ar oidis stairiúla a chuirtear ar aghaidh ó bhéal ó ghlúin go glúin, a tharlaíonn sa limistéar geografach sainithe agus atá nasctha go stairiúil leis an limistéar sin.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/2023/CHOP_CHZO/specifikacia/zmeny_chop_specifikacia_spissky.pdf